Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**9786/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0168(NLE)**

**MI 443**
**ECO 48**
**ENT 77**
**UNECE 10**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9645/22 + ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a mhéid a bhaineann leis na tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 12, 13, 13-H, 22, 24, 48, 49, 51, 53, 54, 74, 79, 85, 86, 90, 100, 106, 109, 117, 127, 129, 131, 135, 136, 137, 141, 145, 148, 149, 150, 157 agus 162 ó na Náisiúin Aontaithe, a mhéid a bhaineann leis an togra le haghaidh modhnuithe ar Rialachán nua Teicniúil Domhanda (RTD) Uimh. 2 ó na Náisiúin Aontaithe, a mhéid a bhaineann le Rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le rabhadh cúlaithe, a mhéid a bhaineann le haghaidh RTD nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le marthanacht feistí rialaithe truaillithe le haghaidh feithiclí dhá roth agus trí roth, a mhéid a bhaineann leis an togra le haghaidh Rún Comhdhlúite nua a bhaineann le líon na gcáithníní sceite sármhíne a thomhas i gcás feithiclí tromshaothair, agus a mhéid a bhaineann leis an togra le haghaidh údarú chun leasú 4 ar RTD Uimh. 3 ó na Náisiún Aontaithe a fhorbairt<br>– Glacadh |

1. An 13 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle.

2. An 16 Bealtaine 2022, bhí malartú tuairimí ag an Meitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil (Mótarfheithiclí) maidir le dréacht den togra ón gCoimisiún. Rinneadh an togra a thíolacadh agus a scrúdú go foirmiúil sa Mheitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil (Mótarfheithiclí) an 1 Meitheamh 2022, tar éis don Choimisiún é a ghlacadh an 31 Bealtaine 2022.

3. Ag an gcruinniú sin an 1 Meitheamh, chinn an Mheitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil (Mótarfheithiclí) an togra ón gCoimisiún a leasú d'fhonn dhá dhoiciméad a bhaineann le Rialachán Uimh. 51 agus Uimh. 157 ó na Náisiún Aontaithe a chur san áireamh nach raibh ar chlár oibre sheisiún WP.29 i mí na Bealtaine 2022 tráth ar chuir an Coimisiún tús leis an bpróiseas chun a thogra a ghlacadh, chomh maith le doiciméad eile a bhaineann le treoirlínte chun córais tiomána uathoibrithe a bhailíochtú. Níor chuir aon toscaireacht i gcoinne na leasuithe sin.

4. Mar sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an comhaontú ar thángthas air sa Mheitheal a dhearbhú,

– a mholadh don Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 9649/22 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

5. I gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, cuirfidh Ardrúnaíocht na Comhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh seo.